COMHDHÁIL
IONADAITHE
RIALTAIS
NA mBALLSTÁT

**An Bhruiséil, 20 Lúnasa 2021**
**(OR. fr)**

PUBLIC

**10732/21**

**LIMITE**

**JUR 407**
**INST 267**
**COUR 45**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Ghinearálta |

**CINNEADH (AE) 2021/…**
**Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT**

**an …**

**lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Ghinearálta**

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 254 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige 23 Bhreitheamh de chuid na Cúirte Ginearálta in éag an 31 Lúnasa 2019.

(2) Sa chomhthéacs sin, moladh go ndéanfaí Pēteris ZILGALVIS a ainmniú do phost mar Bhreitheamh sa Chúirt Ghinearálta.

(3) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Pēteris ZILGALVIS a cheapadh don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Pēteris ZILGALVIS ina Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*An tUachtarán*